C/2026/6052

18.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12686 — WITTINGTON / FAIRFAX / BLAZING STAR BOOTS SUPERCO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6052)

1. An 6 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Wittington Investments, Limited (Ceanada),

— Fairfax Financial Holdings Limited (Ceanada),

— Bazing Star Boots Superco (Jersey) Limited (Geirsí), atá faoi rialú deiridh Sycamore Partners Management, L.P.

Gheobhaidh Wittington Investments, Limited agus Fairfax Financial Holdings Limited rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Blazing Star Boots Superco (Jersey) Limited ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Wittington Investments, Limited an chuideachta sealbhaíochta phríobháideach do theaghlach Weston atá lonnaithe i gCeanada. Infheistíonn Wittington ar fud an domhain trí phunann éagsúlaithe d'infheistíochtaí díreacha agus cistí,

— Is cuideachta sealbhaíochta airgeadais é Fairfax Financial Holdings Limited. Trína chuideachtaí punainne, díríonn Fairfax go príomha ar árachas maoine agus taismigh, athárachas agus an bhainistíocht infheistíochta ghaolmhar,

— Is gnó miondíola sláinte agus áilleachta é Bazing Star Boots Superco (Jersey) Limited.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.12686 — WITTINGTON / FAIRFAX / BLAZING STAR BOOTS SUPERCO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË